# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006**

## STAIR - ARDLEIBHÉAL

**RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS 1815-1993**

**Scrúdú scríofa : 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré : 100 marc**

**DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 2.00 - 4.50**

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Freagair Roinn 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Toghcháin 1885 agus 1886: saincheisteanna agus torthaí***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Cén fáth a bhfuil difríocht idir cás na hÉireann agus an cás mar atá ag Sasana agus ag Albain, dar le doiciméad A?

   (b) Faoi mar a thaispeántar i ndoiciméad B, Gladstone a bhfuil treabhsar breacáin á chaitheamh aige, cad atá sé ag iarraidh a dhéanamh agus cad é an toradh atá air?

   (c) Parnell an fear féasógach i ndoiciméad B. Cén scéal atá le hinsint ag an doiciméad faoin ról a ghlac sé sna himeachtaí aimsir Bhille an Rialtais Dúchais, 1886? (20)

2. (a) Cén difríocht atá idir doiciméad A agus doiciméad B sa chaoi ina léiríonn siad na torthaí is dóichí a tharlódh in Éirinn de thoradh Rialtas Dúchais agus leasú ar an gcóras talún?

   (b) Dar leatsa, cé acu doiciméad, A nó B, is éifeachtaí a léiríonn an dearcadh is mian leis a chur in iúl? Mínigh do fhreagra agus tú ag tagairt don dá dhoiciméad. (20)

3. (a) Cad iad na láidreachtaí agus cad iad na laigí a bhaineann le doiciméad A mar fhoinse staire?

   (b) An mbeifeá ar aon aigne leis an tuairim seo faoi dhoiciméad B: ní hamháin go bhfuil sé i gcoinne Rialtas Dúchais ach tá sé i gcoinne na nÉireannach? Tabhair dhá chúis le do fhreagra. (20)

4. Cad iad na láidreachtaí agus cad iad na laigí a bhí ag Parnell mar cheannaire ar ghluaiseacht an Rialtais Dúchais? (40)

**– Doiciméad A –**

**Sliocht a bhfuil eagar déanta air, as oráid W.E. Gladstone agus é ag tabhairt an Chéad Bhille Rialtais Dúchais os comhair Theach na bhFeisirí, 8 Aibreán, 1886 (aistrithe ón mBéarla).**

Tá dlúthcheangal idir an dá cheist, an talamh agus rialtas na hÉireann mar is iad sin an dá bhealach ina bhfuil súil againn ord sóisialta a bhunú in Éirinn.

Tagaim go dtí croí na faidhbe go léir: tá droch-cháil ar an dlí in Éirinn mar tagann sé chuig na daoine gléasta in éadaí iasachta. Ní mar a chéile cás na hÉireann agus an cás mar atá ag Sasana agus ag Albain. Sasana, as ucht a chuid cumhachta féin, déanann sé a chuid dlíthe féin díreach chomh neamhspleách is nach raibh sé ceangailte leis an dá thír eile. Tá Albain tar éis cead a fháil ón teach seo a cuid dlíthe féin a dhéanamh.

An toradh atá air sin ná go nglacann na daoine i Sasana leis gur rud Sasanach é an dlí; agus in Albain, glactar leis gur rud Albanach é; ach an dlí in Éirinn ní ghlacann na daoine leis gur rud Éireannach é an dlí.

Níl ann ach ábhar magaidh má deirtear linn go gcuidíonn an scéal seo le haontacht na himpireachta móire uaisle ar fud na cruinne. Caithfear rud éigin a dhéanamh chun muinín an phobail sa dlí a chothú arís in Éirinn.

**– Doiciméad B –**

**Cartún ag tagairt do thurnamh Bhille Gladstone an lá roimhe sin as *Judy* (9 Meitheamh 1886), iris a bhí i gcoinne Rialtas Dúchais.**



## ROINN 2: ÉIRE
**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*
### Éire agus an tAontas, 1815-1870

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Mínigh cén fáth ar éirigh leis an bhfeachtas ar son Fhuascailt na gCaitliceach agus nár éirigh leis an bhfeachtas ar son an Reipéil. (100)
2. Cad iad na torthaí eacnamaíochta agus sóisialta a bhí ar an nGorta Mór anuas go dtí 1870? (100)
3. Maidir le hÉire Óg agus leis an bhFíníneachas, cé chomh mór is a rinne na gluaiseachtaí sin poblachtachas le láimh láidir a chur chun cinn? (100)
4. Cén tábhacht a bhain le teacht na n-iarnród go hÉirinn agus/nó leis an bhforbairt tionsclaíochta i mBéal Feirste? (100)

*Éire: Topaic 3*
### Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Ó 1912 ar aghaidh, cad iad na tosca a chuidigh le críochdheighilt na hÉireann i 1920? (100)
2. Idir 1922 agus 1932, cad iad na céimeanna a thug rialtais Cosgrave chun bonn socair a chur faoi Shaorstát Éireann? (100)
3. Cé chomh maith agus a d'éirigh le hÉirinn, Thuaidh agus/nó Theas, plé leis na fadhbanna eacnamaíochta agus sóisialta a bhí ann de thoradh an Dara Cogadh Domhanda? (100)
4. Cé chomh mór is a úsáideadh an teanga, an creideamh agus an t-oideachas chun féiniúlacht chultúrtha na tíre a chur chun cinn i rith na tréimhse 1920-1949? (100)

*Éire: Topaic 4*
### Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na tosca, sa bhaile agus thar lear, a chuidigh leis an imirce as Éirinn i rith na tréimhse 1840-1914? (100)
2. Cén fáth ar tháinig dearcadh frith-Éireannach i dtreis sna Stáit Aontaithe agus/nó sa Bhreatain i rith an 19ú haois? (100)
3. Cén tábhacht a bhain le turas Éamon de Valera chuig na Stáit Aontaithe 1919-1920? (100)
4. Cad iad na treochtaí ba mhó san imirce as Éirinn i rith na tréimhse 1920-1966? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. I rith na tréimhse 1949-1969, cén tionchar a bhí ag an Stát Leasa Shóisialaigh ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: oideachas; sláinte; tithíocht? (100)
2. Cén bhaint a bhí ag Terence O'Neill le cúrsaí Thuaisceart Éireann i rith na tréimhse 1949-1969? (100)
3. Cén bhaint a bhí ag Printísigh Dhoire le ceiliúradh na féiniúlachta creidimh agus na féiniúlachta cultúrtha i measc mhionlach aontachtach na cathrach sin? (100)
4. Cén fáth ar tugadh isteach Riail Dhíreach (ó Londain) i 1972 agus cén fáth ar fágadh i bhfeidhm chomh fada sin é? (100)

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad ba chúis leis na fadhbanna eacnamaíochta agus leis an neamhsheasmhacht pholaitiúil sa tréimhse 1949-1959? (100)
2. Cé chomh mór is atá tú ar aon intinn leis an tuairim gur athraigh Seán Lemass an tír agus caidreamh eachtrach na tíre agus é ina Thaoiseach? (100)
3. Cén tslí ina raibh dearcadh na ndaoine maidir leis an nGaeilge agus le cultúr na hÉireann ag athrú i rith na tréimhse 1949-1989? (100)
4. Cad iad na torthaí sóisialta agus eacnamaíochta a bhí ar bhallraíocht na hÉireann sa CEE i rith na tréimhse 1973-1989? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Roghnaigh dhá thopaic as 1, 2, 3, 4, 5, 6 thíos agus freagair ceist amháin i ngach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### Náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Metternich ina chuid iarrachtaí coinneáil le téarmaí shocrú Vín i rith na tréimhse 1815-1848? (100)
2. Cén cineál athruithe réimis a tharla sa Fhrainc i rith na tréimhse 1815- 1870? (100)
3. Cad iad na príomhthréithe a bhain le sráidbhaile Robert Owen in New Lanark agus cén fáth nár leanadh an sampla go ginearálta? (100)
4. Cén chaoi ar chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas leis an náisiúnachas cultúrtha, 1815-1871: ceol; ealaín; litríocht agus teanga? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh na cumhachtaí Eorpacha ag lorg coilíneachtaí thar sáile i rith na tréimhse 1871-1914? (100)
2. Cé acu ba mhó a rinne díobháil don Ghearmáin: an caidreamh a bhí ag Bismarck leis an Eaglais Chaitliceach nó polasaí mara Wilhelm II? Déan tagairt don dá rud agus an cheist á plé agat. (100)
3. Cén chaoi ar chuidigh ceann amháin nó níos mó díobh seo le géarchéim a chothú sa Rúis: frith-Ghiúdachas; tionsclú; an tionchar a bhí ag cogaí? (100)
4. Conas a bhí an t-athrú ar dhearcadh na ndaoine maidir leis an gCéad Chogadh Domhanda le sonrú i litríocht an chogaidh? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

### Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. I rith na tréimhse idirchogaidh, cad iad na dála san Eoraip a chuidigh le fás réimeas faisisteach? (100)
2. Cé chomh mór is a d'athraigh Stalin sochaí agus geilleagar an Aontais Shóivéadaigh? (100)
3. Cé chomh maith is a d'éirigh le Sasana plé le fadhbanna eacnamaíochta agus sóisialta sa tréimhse idirchogaidh? (100)
4. Cad iad na forbairtí a tharla i dteicneolaíocht na cogaíochta i rith na tréimhse 1920-1945? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith is a d'éirigh leis na dreamanna a chuir i gcoinne "Sóivéadú" Oirthear na hEorpa idir 1945 agus 1956? (100)
2. Cén fáth ar bunaíodh an CEE agus cén chaoi ar tháinig sé chun foirfeachta i rith na tréimhse 1957 – 1973? (100)
3. Cé chomh buan is a bhí tionchar Ghéarchéim na hOla (1973) ar gheilleagair na dtíortha in Iarthar na hEorpa? (100)
4. Cén chaoi ar chuir Alexander Solzhenitsyn agus/nó Simone de Beauvoir le litríocht agus le ceistiú shochaí na hEorpa, 1945 – 1992? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór is a bhí ról na Breataine maidir leis an teannas sa Mheán-Oirthear, 1945-1956? (100)
2. Cén fáth ar scar Katanga ón gCongó agus cad iad na torthaí a bhí ar an scaradh sin, 1960-1965? (100)
3. An bhfuil na hiarchumhachtaí coilíneacha tar éis cabhrú leis an Afraic iarchoilíneach nó tar éis bac a chur léi agus í ag plé lena cuid fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta? Mínigh do fhreagra. (100)
4. Conas a tharla sé go raibh an caidreamh idirchiníoch ina cheist mhór sa Bhreatain agus/nó sa Fhrainc sa tréimhse 1945 – 1990? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945 – 1989**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. I rith na tréimhse 1945 –1989, cén tionchar a bhí ag ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas ar shochaí Mheiriceá: coinbhleacht chiníoch; bochtaineacht uirbeach; coiriúlacht eagraithe? (100)
2. Cé acu ba mhó a raibh tionchar aige ar na Stáit Aontaithe: an pháirt a ghlac an tír sa Chóiré nó an pháirt a ghlac sí i Vítneam? Déan tagairt don dá ghné agus an cheist á plé agat. (100)
3. Cad iad na slite inar éirigh le Ronald Reagan i rith a ghníomréime polaitíochta agus cad iad na slite inar theip air sa tréimhse chéanna? (100)
4. Cad é an tábhacht a bhain le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: McCarthyism; an tuirlingt ar an ngealach (1969); forbairtí i dteicneolaíocht an eolais? (100)

Leathanach Bán